Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**14770/22**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0290(NLE)**

**SAN 608**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Moladh ón gComhairle maidir le cosc a neartú trí luathbhrath: Cur chuige nua an Aontais maidir le scagthástáil ailse a ghabhann ionad Mholadh 2003/878/CE ón Comhairle<br>*- Ráiteas ón gCoimisiún* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn ráiteas ón gCoimisiún atá le cur i miontuairiscí na Comhairle EPSCO (Sláinte) an 9 Nollaig 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Is díol sásaimh don Choimisiún an dul chun cinn foriomlán agus na feabhsuithe a chomhaontaigh an Chomhairle sa togra comhréitigh, togra ar céim thábhachtach ar aghaidh é i leith na scagthástála ailse san Aontas i gcomparáid le Moladh 2003. Is díol sásaimh don Choimisiún go háirithe go bhfuil trí chineál nua ailse á dtabhairt isteach mar chuid de Scéim Scagtha Ailse an Aontais agus gur tugadh aitheantas don chuspóir de chuid an Phlean Ailse go dtairgfear scagthástáil do 90 % de dhaonra an Aontais a cháilíonn do scagthástálacha ailse cíche, ailse ceirbheacsach agus ailse chalaireicteach faoi 2025.

Is oth leis an Coimisiún, áfach, gur laghdaíodh uaillmhian thogra an Choimisiún agus gur cuireadh teorainn le raon feidhme na scagthástálacha a moladh. Measann an Coimisiún gurbh fhearr go háirithe dá gcoinneofaí an aoisghrúpa níos leithne a moladh le haghaidh scagthástáil ailse chíche, mar aon leis an tagairt don leibhéal éifeachtúlachta maidir le scagthástáil ailse scamhóg agus ailse phróstataigh. Ina theannta sin, bheadh an Coimisiún i bhfabhar teorainn a chur le critéir agus forchoimeádais bhreise a thabhairt isteach maidir le cláir scagthástála.